# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Na Clasaicaí

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

| Roinn A | Miotas agus an Saol Laethúil 180 marc |
|---|---|

**Ceist 1: 30 marc**

**(a)** Scríobh an t-eolas ceart sa tábla thíos i gcomhair déithe agus bandéithe a thaispeántar sna híomhánna. Tá an chéad líne den tábla déanta duit. **15 mharc (15 x 1 mharc)**

NB: má tá na hainmneacha Gréagacha agus Rómhánacha ceart ach go ndearnadh iad a mhalartú ar Dhia/ar bhandia, bronn 1 mharc

| Cur síos/Ról | Ainm Gréagach | Ainm Rómhánach | Uimhir na hÍomhá |
|---|---|---|---|
| Bandia an phósta agus na breithe | Héire | Iúnó | 2 |
| Bandia na cruithneachta agus an fhómhair | Déiméitéir | Ceres | 5 |
| Bandia an ghrá agus na háilleachta | Afraidíté | Véineas | 6 |
| Dia na mara agus na gcapall | Poiséadón | Neiptiún | 4 |
| Dia an fhíona agus na hamharclainne | Dinísias | Bacas | 1 |
| Dia na spéire agus na haimsire. | Séas | Iúpatar | 3 |

**(b)** Scríobh achoimre ghairid ar mhiotas a bhfuil an dia / bandia is fearr leat ann.
I do fhreagra déan cur síos ar an ról a imríonn an dia / bandia seo sa mhiotas seo. **10 marc**

| | |
|---|---|
| 8-10 marcanna | Achoimre iomlán ar an miotas, lena n-áirítear eolas cruinn (m.sh. ainmneacha cearta) Cuirtear síos go hiomlán ar ról/rannpháirtíocht an dé/an bhandé is fearr leis/léi sa mhiota |
| 5-7 marcanna | Easpa éigin ina iomláine, amhail:<br>- níl sonra(í) tábhachtach(a) san achoimre)<br>- ní luaitear ról an Dé / an bhandé is fearr leis/léi go hiomlán<br>- roinnt eolais atá míchruinn/róchineálach,ag léiriú tuiscint neamhiomlán |
| 1-4 marcanna | Tá an freagra róbhunúsach nó róchineálach, amhail:<br>- Achoimre an-ghairid<br>- Ráiteas gairid ar ról an dé / an bhandé is fearr leis/léi<br>- tá rionnt míchruinneas ann<br>**Nó** ní scríobhtar ach ainm an dé / an bhandé |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(c)** Mínigh an fáth a bhfuil an dia / bandia a roghnaigh tú i bpáirt **(b)** ar an gceann is fearr leat. Tabhair cúiseanna le do fhreagra. **5 mharc**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | Míniú iomlán agus soiléir, lena n-áirítear **dhá chúis** fhorbartha ar a laghad, amhail:<br>- gníomhartha sonracha a dhéanann dia / bandia<br>- tábhacht an fhearainn i sochaí na Sean-Ghréige / na Seán-Róimhe<br>- tábhacht don iarrthóir<br>- cuma nó siombailí<br>- tréithe pearsantachta<br>- dáimh leis an laoch/banlaoch lena dtacaíonn siad nó miotais eile |
| 1-3 marcanna | Tá easpa soiléireachta sa mhíniú, tá sé an-ghairid, nó níor forbraíodh na cúiseanna<br>- tá 1-2 chúis tugtha, agus míniú éigin<br>- Níl mórán forbartha déanta orthu, tá pointí níos cineálaí nó tá siad míchruinn |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 2: 30 marc**

**(a)** Déan cur síos ar cheann **amháin** de na híomhánna seo.
Tagair do shonraí ón íomhá mar thacaíocht le do fhreagra. **10 marc**

| | |
|---|---|
| 8-10 marcanna | Cur síos iomlán ar an íomhá roghnaithe, ag tarraingt aird ar shonraí sonracha (4-6) amhail: **Íomhá A:** bansagart, sa lár, éadaí saothraithe, ag doirteadh deoch ofrála / vása ina bhfuil leacht, ar an altóir le lasracha, coinneálaí túise ar an taobh eile, braistint siméadrachta / suaimhneas / naofa / tromchúiseach.<br>**Íomhá B:** grúpa fear, gach duine acu ag déanamh rudaí éagsúla, sagart amháin agus róbaí thar a gceann, buachaill amháin agus cupáin ina lámha, tarbh agus tua á gcoinneáil ag duine amháin, altóir sa lár, braistint spáis / gluaiseacht / fócas ar an lár. |
| 5-7 marcanna | Cur síos páirteach ar an íomhá roghnaithe (3 phointe/shonra), gan sonraí tábhachtacha nó braistint iomlán na híomhá, ach déantar cur síos maith ar roinnt breathnuithe. |
| 1-4 marcanna | Cur síos an-bhunúsach, ráiteas gairid ar a bhfuil ag tarlú, ró-spleáchas ar eolas faoi íobairt nó reiligiún, seachas cur síos a dhéanamh ar a bhfuil san íomhá. |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(b)** Cén fáth a ndearna na Sean-Ghréagaigh agus na Sean-Rómhánaigh deasghnátha reiligiúnacha ar nós na n-íobairtí a thaispeántar in Íomhá A agus in Íomhá B? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. **10 marc**

| | |
|---|---|
| 8-10 marcanna | Pléitear ról/tábhacht deasghnátha reiligiúnacha, lena n-áirítear dhá **phointe forbartha** ar a laghad, amhail;<br>- deasghnátha a dhéanamh do na déithe<br>- deasghnátha i dtréimhsí deacra nó i dtréimhsí ceiliúrtha<br>- creidimh reiligiúnacha faoi fhearg nó faoi dhea-mhéin Dé<br>- eispéireas comhroinnte /gnéithe sóisialta<br>- feoil agus íobairt<br>- ainmneacha nó cur síos ar dheasghnátha ar leith chun tacú leis an bpointe tábhachta |

| | |
|---|---|
| 5-7 marcanna | Pléitear ról/tábhacht deasghnáth reiligiúnach, lena n-áirítear dhá phointe **nó** pointe forbartha amháin ar a laghad |
| 1-4 marcanna | Ráiteas (ráitis) an-bhunúsach faoi ról/tábhacht deasghnáth reiligiúnach, lena n-áirítear pointe amháin |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(c)** Tabhair cuntas achomair ar ócáid reiligiúnach ón tSean-Ghréig nó ón Róimh, ar nós: cineál deasghnátha, cleachtadh laethúil, nó féile. Is féidir sonraí a chur i do fhreagra, ar nós: suíomh, róil na rannphártaithe, ainm an dé / an bhandé a adhradh, brí chultúrtha, srl. **10 marc**

| | |
|---|---|
| 8-10 marcanna | Tugtar cuntas iomlán ar imeacht reiligiúnach ainmnithe, lena n-áirítear sonraí nó cur síos ar leith ar fhaisnéis chruinn a bhaineann le **trí** réimse éagsúla eolais ar a laghad, mar shampla:<br>- suíomh<br>- róil na rannpháirtithe<br>- ainm an Dé / an bandé a adhradh<br>- cuspóir níos leithne nó tábhacht chultúrtha. |
| 5-7 marcanna | Tugtar cuntas soiléir ar imeacht reiligiúnach ainmnithe, lena n-áirítear sonraí nó cur síos ar leith (d'fhéadfadh mion-mhíchruinneas a bheith san áireamh) a bhaineann le **dhá** réimse éagsúla eolais |
| 2-4 marcanna | Iarrachtaí cuntas a thabhairt ar imeacht reiligiúnach, lena n-áirítear sonraí cineálacha nó cur síos (d'fhéadfadh rionnt míchruinneas a bheith san áireamh) a bhaineann le pointe **amháin**. |
| 1 mharc | Ainmnítear imeacht reiligiúnach cuí ach ní thugtar cuntas ann |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 3: 30 marc**

**(a)** Cén nóimead de thuras Odáiséis a thaispeántar in Íomhá A? Mínigh do fhreagra le mionsonraí ó Íomhá A **agus** ón sliocht **araon. 15 mharc**

| | |
|---|---|
| 13-15 marcanna | Aitheantas ceart (is é atá san íomhá Odaiséas ag seoladh thar Shíréanaí / ón alt deireanach)<br>Tagraítear do **dhá** shonra ar a laghad ón sliocht **agus** déantar cur síos ar an dóigh a léirítear san íomhá iad:<br>- Tá Odaiséas ceangailte den chrann sa lár, ionas nach léimfeadh sé thar bord<br>- Tá Odaiséas ag amharc suas ar shíréanaí, ag éisteacht toisc nach bhfuil na cluasa bactha le céir<br>- Síréanaí crochta agus ag eitilt, créatúir ar a bhfuil sciatháin (agus aghaidheanna mná)<br>- Síréana ag eitilt i dtreo Odaiséas agus a chuid fear, á gcathú le hamhrán<br>- Fir ag rámhaíochta gan aird, mar gheall ar céir ina gcluasa |
| 10-12 marcanna | Aithint cheart<br>Tagraítear do shonra **amháin** ar a laghad ón sliocht **agus** luaitear an dóigh a léirítear san íomhá iad |
| 6-9 marcanna | Aithint cheart agus **1-2** shonra san áireamh ón sliocht **nó** ón íomhá |
| 1-5 marcanna | Ráiteas bunúsach faoin sliocht nó faoin íomhá, gan an nóiméad a aithint go soiléir D'fhéadfadh míchruinneas a bheith ann |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar thrí bhealach a bhfuil an sliocht seo cosúil le scéalta faoi laochra/bhanlaochra eile a bhfuil staidéar déanta agat orthu? Tacaigh le do fhreagra le fianaise as miotais eile. **15 mharc (3x5mharc)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | Cosúlacht mínithe go soiléir, lena n-áirítear nasc le sliocht Odaiséas<br>Sampla mionsonraithe ó mhiotas eile, lena n-áirítear ainm an laoich/banlaoich nó an charachtair ábhartha<br>(m.sh. tá Odaiséas ina cheannaire ar an gcriú ar thuras, mar a sheolann Iasón & na hArganátaigh go Colcas.) |
| 3 mharc | Níl an chosúlacht mínithe go soiléir nó níl nasc le sliocht Odaiséas soiléir<br>Sampla tugtha ón miotas, lena n-áirítear ainm an laoich/banlaoich nó an charachtair ábhartha<br>**Nó** Ráiteas an-ghairid ar chosúlacht / nasc, gan aon mhionsaothrú<br>**Nó** Anailís mhaith ar sliocht Odaiséas mar a oireann do théamaí laochra, ach gan aon sampla ar leith |
| 1 mharc | Laoch/banlaoch ainmnithe, ach tá an sampla iomlán míchruinn nó níl sé nasctha le hOdaiséas<br>**Nó** athrá ar an gcosúlachtaí céanna le laoch difriúil<br>**Nó** ní bhaineann laoch/banlaoch leis an miotas |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 4: 30 marc**

**(a)** Cén fáth, dar leat, ar bhailigh daoine le féachaint ar Camilla nuair a d'imigh sí thar bráid? Tacaigh le do fhreagra le anailís ar an téacs. **6 mharc**

| | |
|---|---|
| 5-6 marcanna | Feasacht go raibh sé neamhghnách do mhná bheith ina laochra<br>Áirítear anailís an-mhaith ar an téacs |
| 3-4 marcanna | Feasacht go raibh sé neamhghnách do mhná bheith ina laochra<br>Áirítear anailís maith ar an téacs<br>**Nó**<br>Anailís an-mhaith ar théacs a bhaineann le Camilla a bheith éachtach, ach ní luaitear go bhfuil sé neamhghnách do mhná a bheith ina laochra |
| 1-2 marcanna | Feasacht go raibh sé neamhghnách do mhná bheith ina laochra, anailís an-bhunúsach ar an téacs<br>**Nó**<br>Iarracht ar bith (fiú má tá sé an-ghairid nó mura n-éiríonn léi) plé leis an anailís ar an téacs |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(b)** Mínigh an chaoi a bhfuil cur síos Veirgil ar charachtar miotasach Camilla difriúil ó shaolta na bhfíorbhan a mhair sa tSean-Ghréig / sa Róimh. **12 mharc**

NB: D'fhéadfadh trácht a bheith ann ar an difríocht idir léiriú inscne i miotas agus foinsí stairiúla

| | |
|---|---|
| 10-12 marcanna | Pléitear eispéireas saoil na mban sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh agus sonraí ar leith ann Léirítear tuiscint an-mhaith ar an difríocht le dhá phointe forbartha ar a laghad |
| 6-9 marcanna | Tugtar cuntas ar eispéireas saoil na mban sa tSean-Ghréig nó sa tSean-Róimh, ag brath níos mó ar shonraí cineálacha<br>Léirítear tuiscint mhaith ar dhifríocht le dhá phointe nó pointe forbartha amháin<br>- níos mó scóipe chun forbairt a dhéanamh nó tuilleadh mínithe a thabhairt atá caillte ag an iarrthóir |
| 1-5 marcanna | Tugtar eolas bunúsach faoi eispéireas na mban sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh<br>Léirítear tuiscint éigin ar dhifríocht le pointe amháin, ráiteas cineálach **nó** tagairt don téacs |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(c)** Dá mba bhean óg tú a mhair sa domhan ársa, arbh fhearr leat cónaí sa tSean-Ghréig nó sa Róimh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. **12 mharc**

| | |
|---|---|
| 10-12 marcanna | Pléitear tuairim faoi eispéireas na mban i saol laethúil na Gréige nó na Róimhe<br>Tacaítear leis an tuairim le pointí forbartha faoi ghnéithe sonracha de shaol cailín / mná óige<br>D'fhéadfadh comparáid a bheith ann idir an Ghréig agus an Róimh |
| 6-9 marcanna | Luaitear tuairim faoi eispéireas na mban i saol laethúil na Gréige **nó** na Róimhe<br>Tacaítear leis an tuairim le pointí faoi ghnéithe níos cineálaí de shaol cailín / mná óige<br>Déantar argóint ina choinne, seachas an rogha a mhíniú (7 marc ar a mhéad) |
| 1-5 marcanna | Tugtar roinnt faisnéise ábhartha faoin saol laethúil sa Ghréig **nó** sa Róimh<br>Déantar pointe bunúsach amháin ar a laghad faoi eispéireas na mban |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 5: 30 marc**

**(a)** Meaitseáil **cúig** cinn ar bith de na téarmaí tithíochta seo ón tSean-Ghréigis agus ón Laidin lena sainmhínithe. Scríobh uimhir an téarma sa bhosca taobh leis an sainmhíniú ceart. **15 mharc (5x3mharc)**

Teach sa tSean-Ghréig (8. oikos)
Teach sa tSean-Róimh (4. domus)
Seomra leapa (2. cubiculum)
Toilg (7. klinai)
Gairdín (6. hortus)
Cistin (3. culina)
Ceathrú na bhfear (1.andron)
Ceathrú na mban (5. gynaikon)

**(b)** Luaigh focal nua-aimseartha bainteach leis an teach a thagann ó fhocal Sean-Ghréigise nó Laidine. Tig leat ceann de na téarmaí Sean-Ghréigise nó Laidine thuas a úsáid. **5 mharc**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | Focal cruinn a fhaightear ón tSean-Ghréigis nó ón Laidin a bhaineann leis an teach |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith nó focal mícheart (nach mbaineann leis an teach) |

**(c)** Mínigh conas a bhaineann míniú na bhfocal a roghnaíodh le haghaidh pháirt **(b)** lena chéile. **10 marc**

| | |
|---|---|
| 10 marcanna | - brí an tseanfhocail Gréigise/Laidine (2 mharc)<br>- brí an fhocail nua-aimseartha (3 mharc)<br>- míniú ar an gceangal idir an dá fhocal (3 **nó** 5 mharc bunaithe ar cháilíocht) |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith / go hiomlán mícheart |

**Ceist 6: 30 marc**

**(a)** Cén ghné den saol laethiúil lena mbaineann an ceithre dhéantán seo? **3 mharc**

| | |
|---|---|
| 3 mharc | Cluichí |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith nó mícheart |

**(b)** Cad atá le foghlaim faoin saol laethiúil ag daoine óga sa domhan ársa ón bhfianaise in Íomhánna A-D? Úsáid sonraí as dhá cheann, ar a laghad, de na híomhánna seo le tacú le do fhreagra. **12 mharc**

| | |
|---|---|
| 10-12 marcanna | Pléitear cad is féidir linn a fhoghlaim ó na déantáin seo i **dhá** phointe forbartha ar a laghad Léirítear smaointeoireacht chriticiúil/chruthaitheach an-mhaith chun nasc (naisc) a dhéanamh idir déantáin agus saol laethúil daoine óga<br>Úsáidtear sonraí sonracha ó **dhá** íomhá ar a laghad chun tacú le plé |
| 6-9 marcanna | Luaitear an méid is féidir linn a fhoghlaim ó na déantáin sin in **dhá** phointe ar a laghad Léiríonn smaointeoireacht chriticiúil/chruthaitheach mhaith chun nasc (naisc) a dhéanamh idir déantáin agus saol laethúil daoine óga<br>Úsáidtear roinnt sonraí ó **dhá** íomhá chun tacú le plé |
| 1-5 marcanna | Luaitear hachomair cad is féidir linn a fhoghlaim ó dhéantáin go ginearálta i bpointe **amháin** ar a laghad Iarrachtaí nasc a dhéanamh idir na déantáin sin agus saol laethúil daoine óga **Nó**<br>Déantar tagairt d'íomhá **amháin** ar a laghad |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(c)** Roghnaigh ceann de na topaicí seo agus tabhair cuntas ar an eispéireas a bhféadfadh a bheith ag déagóir sa tSean-Róimh nó sa tSean-Ghréig maidir leis. – Oideachas Éadaí; Bia. **15 mharc**

| | |
|---|---|
| 13-15 marcanna | Cuntas cuimsitheach ar an topaic roghnaithe, ag léiriú leithead agus dhoimhneacht an eolais<br>Déantar cúig phointe fhíorasacha ar a laghad<br>Áirítear agus mínítear na príomhthéarmaí ábhartha (m.sh. pedagogos, rhetor, toga, stola, prandium, cena.)<br>Ní mór tagairt a dhéanamh d'eispéireas na ndéagóirí chun na 15 mharc iomlán a fháil |
| 10-12 marcanna | Cuntas an-mhaith ar an topaic roghnaithe, ag léiriú leithead nó dhoimhneacht an eolais<br>Déantar trí phointe fhíorasacha ar a laghad<br>Áirítear leis na príomhthéarmaí ábhartha |
| 6-9 marcanna | Cuntas maith ar an topaic roghnaithe, ag baint úsáid as eolas cineálach den chuid is mó<br>Déantar 1-2 phointe, d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad iomlán cruinn<br>**Nó** grinnchuntas ar phríomhphointe amháin laistigh den topaic |
| 1-5 marcanna | Cuntas gairid/bunúsach ar an topaic roghnaithe go ginearálta nó bainteach le heispéireas déagóirí<br>**Nó**<br>Cuntas ina bhfuil faisnéis mhíchruinn den chuid is mó |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

## Roinn B Domhan Aichill, an Róimh 180 marc

**Ceist 7: 10 mharc (5 x 2mharc)**

| Ainm an Charachtair | An Logainm |
|---|---|
| Aichill | Phthia |
| Agaiméamnón | Micéiné |
| Meanalás | Sparta |
| Neastór | Pulas |
| Eachtar | An Traí |

**Ceist 8: 15 mharc (5 x 3mharc)**

**(a)** Apalló, **(b)** méid agus neart, **(c)** bás Phatraclas,

**(d)** banríon na Traí, **(e)** Agaiméamnón agus Meanalás

**Ceist 9: 20 marc**

Freagair na ceisteanna seo faoi na heachtraí as ar tháinig Cogadh na Traí.

**(a)** Cuir na heachtraí seo ord croineolaíoch trí na boscaí a uimhriú, 1-5. **5 mharc (5 x 1 mharc)**

**4** seolann Páras agus Héilin go Traí

**5** seolann míle long ón nGréig

**2** an Bhreithiúnas Pháras

**1** pósadh Pheiléis agus Téitis

**3** tugann Páras cuairt ar Mheanalás

**(b)** Roghnaigh eachtra amháin as páirt **(a)**. Tabhair achoimre ghairid ar ar tharla agus mínigh an fáth a raibh an eachtra sin tábhachtach. **15 mharc** (NB: Ba chóir ualú níos mó a thabhairt don achoimre ná an tábhacht)

| | |
|---|---|
| 13-15 marcanna | Achoimre den scoth ar an imeacht roghnaithe, ag baint úsáid as sonraí sonracha (cúig phointe chruinne ar a laghad)<br>Tá ainmneacha cearta na ndaoine agus na n-áiteanna ábhartha ann<br>Mínítear an tábhacht go maith |
| 10-12 marcanna | Achoimre an-mhaith ar an imeacht roghnaithe, ag baint úsáid as (trí phointe chruinne ar a laghad) Tá ainmneacha cearta na ndaoine agus na n-áiteanna ábhartha ann<br>Mínítear an tábhacht<br>**Nó**<br>Achoimre den scoth gan aon ráiteas ar thábhacht (**12 mharc** ar a mhéad) |
| 6-9 marcanna | Achoimre mhaith ar an imeacht roghnaithe, ag baint úsáid as sonraí cineálacha den chuid is mó (1-2 phointe, d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad iomlán cruinn)<br>Ní luaitear ach tábhacht, má luaitear ar aon chor í |
| 1-5 marcanna | Achoimre an-ghairid nó tugtar roinnt faisnéise a bhaineann leis an imeacht roghnaithe |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith nó gan imeacht ó chuid **(a)** |

**Ceist 10: 45 marc**

Léigh an dá théacs seo as an Íliad le Hóiméar agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**(a)** Ainmnigh dhá bhuafhocal i dTéacs A. **5 mharc**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | Dhá cheann ar bith as Téacs A |
| 3 mharc | Ceann amháin ar bith as Téacs A |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith / buafhocail aitheanta go mícheart |

**(b)** Déan cur síos mion, i do chuid focal féin, ar a bhfuil ar siúl ag Héilin i dTéacs A. **8 marc**

| | |
|---|---|
| 8 marc | Cur síos an-mhaith, a thugann cuntas ar an gcuid is mó de na sonraí in Téacs A Gach rud ina bhfocail féin |
| 5 mharc | Cur síos maith, a thugann cuntas ar go leor de na sonraí in Téacs A Ina bhfocail féin den chuid is mó |
| 3 mharc | Cur síos an-ghairid<br>**Nó** Cur síos níos faide, ach ag brath an-iomarca ar athfhriotail ó Théacs A |
| 0 marc | Ní dhéantar iarracht / ag brath ar athfhriotail amháin |

**(c)** Mínigh dhá shlí a léiríonn Téacs B go bhfuil grá ag Andromache dá fear céile, Eachtar. **12 mharc**

| | |
|---|---|
| 10-12 marcanna | Míniú an-mhaith, ag baint úsáid as dhá phointe forbartha atá tacaithe ag fianaise ó Théacs B<br>Áirítear anailís ar an téacs |
| 6-8 marcanna | Míniú maith, ag baint úsáid as dhá phointe tacaithe ag fianaise ó Théacs B |
| 4 mharc | Míniú an-ghairid nó tugtar trácht éigin ar ghrá Andromache d'Eachtar, ag brath ar athfhriotail ó Théacs B |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(d)** An léiriú tipiciúil de charachtair bhan Téacs A agus Téacs B san *Íliad*, dar leat? Mínigh do fhreagra le fianaise ó Théacsanna A agus B agus fianaise eile ón *Íliad*. **20 marc**

<u>Pointí táscacha</u>

- Téacs A: níl na mná bainteach leis an ngníomh nó leis an gcinnteoireacht; is breathnóirí iad seachas rannpháirtithe; fíodóireacht mar ról mná
- Téacs B: imní faoi fhir agus iad i mbun cogaidh agus a gcinniúint féin, a bhraithfidh ar thoradh an chogaidh
- caitear leo mar rudaí agus déantar foréigean ina n-aghaidh: Briseis , Chryseis
- gan chumhacht cé gur banríona/banphrionsaí iad: Hecuba, Cassandra, Andromache
- bandia baineann cumhachtacha i gcomparáid le mná daonna

| | |
|---|---|
| 20 marcanna | Tuairim shoiléir ar léiriú tipiciúil na gcarachtar baineann<br>Míniú den scoth, le dhá phointe dea-fhorbartha ar a laghad<br>Pléitear fianaise ábhartha ó Théacs A, Téacs B **agus** cuid eile den *Íliad*<br>Cuirtear fianaise/anailís i gcomhthéacs, ag léiriú ardleibhéal tuisceana ar an *Íliad* |
| 16 marcanna | Tuairim shoiléir ar léiriú tipiciúil na gcarachtar baineann<br>Míniú an-mhaith, le dhá phointe forbartha ar a laghad<br>Pléitear fianaise ábhartha ó Théacs A, Téacs B **agus** cuid eile den *Íliad* |
| 12 marcanna | Tuairim ar léiriú (tipiciúil) na gcarachtar baineann<br>Míniú maith, le phointe amháin ar a laghad<br>Áirítear fianaise ó **dhá** cheann díobh seo ar a laghad: Téacs A, Téacs B agus cuid eile den *Íliad*<br>D'fhéadfadh míchruinneas nó tuairim nach bhfuil chomh soiléir sin / easpa fianaise a bheith ann |

| | |
|---|---|
| 1-8 marcanna | Míniú gairid nó bunúsach / iarracht tuairim a thabhairt ar léiriú carachtair bhaineanna<br>Tagraítear do cheann **amháin** ar bith díobh seo a leanas: Téacs A, Téacs B agus cuid eile den *Íliad*<br>**Nó**<br>Déantar aon phointe ginearálta faoi léiriú ban i miotas / sa litríocht chlasaiceach |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 11: 25 marc**

Cé acu laoch san *Íliad* is mó a leanann an cód iompair Hóiméarach do laoch, dar leat? Mínigh do fhreagra le fianaise ón léamh atá déanta agat ar an *Íliad.* **25 marc**

<u>Pointí táscacha</u>
- sainmhíniú ar timé, kleos, aidós, areté, nó pathos
- ceangal idir an cód Hóiméarach agus an saol i sochaí Hóiméarach
- cinntí agus gníomhartha a rinne an laoch
- luachanna na n-iarrthóirí féin / cód onóra pearsanta
- anailís ar *Íliad*, laochas, laochra ar leith

| | |
|---|---|
| 25 marc | Tuairim shoiléir tugtha faoi laoch amháin san *Íliad*<br>Míniú maith, ag baint úsáid as 2-3 phointe forbartha<br>Pléitear fianaise ó staidéar ar an *Íliad*<br>Léirítear tuiscint ar an gcód iompair Hóiméarach |
| 15 – 20 marc | Tuairim tugtha faoi laoch amháin san *Íliad*<br>Mínítear an tuairim, ag baint úsáid as 2 phointe ar a laghad<br>Tá fianaise ann ó staidéar ar an *Íliad*<br>Léirítear tuiscint ar éachtaí/ tagairt intuigthe don chód Hóiméarach<br>D'fhéadfadh míchruinneas nó tuairim nach bhfuil chomh soiléir sin / easpa fianaise a bheith ann |
| 1 – 10 marc | Míniú an-ghairid/bunúsach/chineálach<br>Tagraítear d'fhianaise ó staidéar ar shochaí an *Íliad* / sochaí Hóiméarach ach is cur síos é den chuid is mó ar imeachtaí seachas tagairt d'iompar laochais<br>**NÓ**<br>Déantar aon phointe (pointí) ginearálta faoi chinntí/gníomhartha/pearsantacht laoich amháin san *Íliad* |
| 0 | Gan iarracht ar bith |

**Ceist 12: 15 mharc (5 x 3 mharc)**

Úsáid an liosta téarmaí ailtireachta seo chun **cúig** ghné ailtireachta ar bith a lipéadú sna híomhánna thíos. Ní ceadmhach duit ach téarma **amháin** a scríobh sna boscaí thíos.

**(a)** cruinneachán**, (b)** peidiméid**, (c)** mullach colúin, **(d)** colún, **(e)** coirnis, **(f)** áirse, **(g)** ceap

**Ceist 13: 50 marc**

**(a)** Ainmnigh foirgneamh / struchtúr Rómhánach **amháin agus** an té a choimisiúnaigh é. **3 mharc**

| | |
|---|---|
| 3 mharc | 2 mharc ar an bhfoirgneamh ceart, 1 mharc ar an duine ceart<br>(Ná gearr pionós as earráidí litrithe) |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith / nó mícheart |

**(b)** Déan cur síos mion ar chuma an fhoirgnimh / struchtúir a d'ainmnigh tú i bpáirt **(a)**. **15 mharc**
I do fhreagra luaigh sonraí a bhaineann le heochairphointí, ar nós:
- gnéithe ailtireachta; maisiú; laistigh; lasmuigh; dearadh / leagan amach.

| | |
|---|---|
| 15 marcanna | Cur síos cuimsitheach ar an bhfoirgneamh/struchtúr<br>Tá mionsonraí den scoth ann a bhaineann le ceithre phríomhghné ailtireachta ar a laghad |
| 12 marcanna | Cur síos an-mhaith ar an bhfoirgneamh / struchtúr<br>Tá sonraí sonracha ann a bhaineann le trí phríomhghné ailtireachta ar a laghad |
| 9 marc | Cur síos maith ar an bhfoirgneamh / struchtúr<br>Tá sonraí ann a bhaineann le dhá ghné ailtireachta ar a laghad |
| 1-5 marcanna | Cur síos an-ghairid / bunúsach ar an bhfoirgneamh / struchtúr<br>**Nó**<br>Cur síos ina bhfuil faisnéis ailtireachta chineálach nó mhíchruinn den chuid is mó |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(c)** Scríobh faoi shaol an duine a choimisiúnaigh an foirgneamh/struchtúr a d'ainmnigh tú i bpáirt **(a). 12 mharc**

<u>Pointí táscacha</u>
- saol pearsanta: teaghlach, pearsantacht, bás
- saol poiblí: gairm pholaitiúil nó mhíleata, rath agus teipeanna

| | |
|---|---|
| 10-12 marcanna | Cuntas an-mhaith, ina bhfuil réimse eolas cruinn sainiúil faoin duine<br>Dhá phointe forbartha (dea-fhorbartha) nó cúig ráiteas fhíorasacha, atá mionsonraithe agus sainiúil |
| 6-9 marcanna | Cuntas maith, ina bhfuil eolas cruinn agus sonrach den chuid is mó faoin duine<br>Pointe forbartha amháin nó trí ráiteas fhíorasacha ar a laghad. |
| 1-5 marcanna | Cuntas an-ghairid/ bunúsach nó déantar roinnt ráiteas<br>Pointe cruinn bailí amháin ar a laghad |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

**(d)** An bhfuil foirgnimh / struchtúir Rómhánacha go maith chun daoine nó eachtraí a chomóradh, dar leat? Mínigh do chúiseanna le fianaise ó do chuid staidéir ar ailtireacht na Róimhe. **20 marc**

Pointí táscacha

- chiallaigh ábhar agus modhanna gur tógadh iad chun go mairfeadh siad
- ailtireacht phoiblí, feicthe ag saoránaigh agus eachtrannaigh mar an gcéanna
- cuireann struchtúir iontacha mothú cumhachta in iúl
- bhain an pobal leas as úsáid na spásanna sin
- bhí go leor daoine neamhliteartha, agus mar sin bhíodh an ailtireacht ina modh chun teachtaireachtaí a chur in iúl go forleathan
- mar chuid de bholscaireacht, ceannairí a bhaineann le hoidhreacht agus féiníomhá, iomaíoch
- tábhacht stairiúil

| | |
|---|---|
| 20 marcanna | Tuairim shoiléir tugtha faoi úsáid chomórtha ailtireachta na Róimhe<br>Míniú den scoth, le dhá phointe dea-fhorbartha ar a laghad<br>Pléitear fianaise ábhartha agus shainiúil ó staidéar ar ailtireacht na Róimhe<br>Áirítear anailís |
| 16 marcanna | Tuairim shoiléir tugtha faoi úsáid chomórtha ailtireachta na Róimhe<br>Míniú an-mhaith, le dhá phointe forbartha **nó** pointe amháin dea-fhorbartha<br>Pléitear fianaise ábhartha agus shainiúil ó staidéar ar ailtireacht na Róimhe |
| 12 marcanna | Tuairim tugtha faoi (úsáid chomórtha) ailtireachta na Róimhe<br>Míniú maith, le pointe forbartha amháin ar a laghad<br>Tá fianaise ann ó staidéar ar ailtireacht na Róimhe<br>D'fhéadfadh míchruinneas nó tuairim nach bhfuil chomh soiléir sin / easpa fianaise a bheith ann |
| 1-8 marcanna | Míniú an-ghairid / iarracht tuairim a thabhairt faoi ailtireacht na Róimhe<br>Tagraítear d'fhianaise ó staidéar ar ailtireacht na Róimhe<br>**Nó**<br>Déantar aon phointe ginearálta faoi fheidhm/cuspóir/oidhreacht ailtireacht na Róimhe |
| 0 marc | Gan iarracht ar bith |

| **Roinn C** | **Laidin – Teanga Chlasaiceach** | **180 marc** |
|---|---|---|

**Ceist 14: 16 Mharc (4 x 4 mharc)**

**(a)** go leadhb leadráin

**(b)** rud mar mhalairt ar rud eile

**(c)** agus gach eile

**(d)** is é sin

**Ceist 15: 20 Marc**

**(a) 8 marc (2 x 4 mharc)**

- 2 mharc ar ainmneach (1 fhréamh + 1 deireadh)
- 1 mharc ar ginideach agus inscne (.5 gach ceann)
- 1 mharc ar brí

**(b) 3 mharc** d'aon fhocal Béarla a thagann ó crēdō, crēdere, crēdidī, crēditum

- NB: Ná gearr pionós as earráid litrithe do pháirt **(b)** nó **(c)**.

**(c) 6 mharc (4+2)** as 2 fhocal Béarla ar bith a thagann ó magnus, magna, magnum

- NB: 1 mharc amháin má thug siad focal Laidine a úsáidtear sa Bhéarla, amhail magnum nó magnum opus

**(d)** 3 mharc as míniú ar an dóigh a mbaineann ceann amháin de na focail Bhéarla as cuid **(b) nó (c)** le brí an credo nó magnus
- **2 mharc** ar bhrí an fhocail Bhéarla + **1 mharc** ar cheangal leis an bhfocal Laidine
- Ná gearr pionós as sainmhíniú neamhiomlán/míchruinn ar an bhfocal Béarla.

**Ceist 16: 20 marc (4 x 5 mharc)**

1,

4,

2,

3.

**Ceist 17: 4 marc (4 x 1 mharc)**

2, 3, 1, 4.

**Ceist 18: 10 marc (5 x 2 mharc)**

**(a)** ager, **(b)** amīcīs, **(c)** vīdit, **(d)** audīvērunt, **(e)** altōs

**Ceist 19: 15 mharc (5 x 3 mharc)**

**(a)** níos cróga, **(b)** a dtugadh sé grá di**, (c)** go tapa**, (d)** chónaigh Eurydice leis, **(e)** féadfaidh

**Ceist 20: (50 marc)**

**(a) 40 marc:**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
    - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

Freagraí táscacha

**(i)** ar bharr sléibhe **(3 mharc)**

**(ii)** go dtí an talamh / chuig a teach nua **(3 mharc)**

**(iii)** **Dhá cheann** ar bith acu seo a leanas **(9 marc: 5 + 4):**

- níor theastaigh aon rud uaithi; níor theastaigh rud eile uaithi; bhí teach aici; bhí sclábhaithe aici; bhí gach rud a bhí aici go maith; bhí na rudaí maithe uile aici.

**(iv)** An bhfuil mo dheirfiúracha ábalta cuairt a thabhairt orm? **(5 mharc)**

**(v)** beirt deirfiúracha Psyche a iompar chuici **(5 mharc)**

**(vi)** **Dhá cheann** ar bith acu seo a leanas **(8 marc: 4 + 4):**

- bhí éad orthu lena teach; éad lena sclábhaithe; éad mar go raibh saol níos éasca aici ná iad

**(vii)** **Ceann amháin** díobh seo a leanas: "An bean chéile sona thú?" ; "Cé hé d'fhear céile?" **(4 mharc)**

**(viii)** Níl sé feicthe aici go fóill **(3 mharc)**

**(b) 6 mharc**

**(i)** clásal coibhneasta **(3 mharc)**

**(ii)** briathar san infinideach **(3 mharc)**

**(c) 4 mharc:** Tuairim **(1 mharc)** + cúis bhailí ar bith **(2 mharc)** + fianaise **(1 mharc).**

**Ceist 21: 30 marc**

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail as **níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

ubi … tenēbat. **(12 mharc)**

quid vīdit? **(2 mharc)**

Psȳchē … cōnspexit, **(8 marc)**

sed … Veneris. **(8 marc)**

**Ceist 22: 15 mharc**

Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.

- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail as **níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc ar fhocal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

**(a)** 4 mharc (1 mharc ar -que)

**(b)** 4 mharc

**(c)** 7 marc (1 mharc ar -que)

## Roinn D — Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach — 180 marc

**Ceist 23: 18 marc (9 x 2 mharc)**

**(a)** C
**(b)** F
**(c)** D
**(d)** B
**(e)** E
**(f)** A
**(g)** **(i)** Οὐρανος **(ii)** Νυξ **(iii)** Γαια

- Tabhair páirtmharcanna nuair atá siad ceart ach amháin na botúin litrithe seo:
    - (i) gan análú
    - (i), (ii), (iii) ceannlitreacha mícheart
    - (iii) x in ionad ξ

**Ceist 24: 17 mharc**

- Ná tabhair marcanna mura bhfuil na focail Bhéarla le haghaidh **(a)** agus **(b)** in abairt A.

**(a)** Fréamh cheart Gréigise don fhocal in abairt A **(5 mharc)**
**(b)** Fréamh cheart Gréigise don fhocal in abairt A **(6 mharc)**
- Tabhair 2 mharc mura bhfuil ach focal Ghréigise amháin curtha bhfeidhm/ ceart
- Tabhair 1 mharc más ceart é agus más é an focal Béarla céanna é ó fhreagra **(a)**

**(c)** Míniú **(6 mharc)**
- 4 mharc Míniú le brí an dá fhocal Sean-Ghréigise
- 2 mharc ar bhrí na réalteolaíochta
- Ná gearr pionós as sainmhíniú neamhiomlán/míchruinn ar réalteolaíocht.

**Ceist 25: 20 mharc (5 x 4 mharc).** Ceithre mharc an ceann.

4,
5,
2,
3,
1.

**Ceist 26: 15 mharc ( 5 x 3 mharc)** Trí mharc an ceann.

**(a)** Rialaigh Séas, **(b)** níos críonna, **(c)** d'Apollo agus d'Artaimís, **(d)** ar, **(e)** a.

**Ceist 27: 10 marks (5 x 2 mharc).** Dhá mharc an ceann.

**(a)** οἱ, **(b)** της οἰκιας, **(c)** ἀρχοντες, **(d)** κλεπτειν, **(e)** ἐφυλασσε.

**Ceist 28: 40 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as eolas breise mícheart a chur san áireamh
- Féadfar páirtchreidiúint a thabhairt d'iarrthóirí as freagraí a chuimsíonn:
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ar fhocail/frásaí aonair
  - Eolas ábhartha bunaithe ar a dtuiscint ghinearálta ar an sliocht

Freagraí táscacha

**(a)** Téann an sclábhaí go dtí an Agora. **(4 mharc)**

**(b)** Codlaíonn an máistir / ní dhúisíonn an máistir. **(3 mharc)**

**(c)** In aice leis an Acrapoil. **(2 mharc)**

**(d)** Léiriú ar: tá go leor le déanamh aige agus nuair a chloiseann sé an torann ar fad san Agora tagann imní air go mbeidh sé ró-ghnóthach san Agora dó teacht abhaile chomh tapa agus is féidir **(4 mharc)**

**(e)** Ceannaíonn an sclábhaí (bia ón gceannaí) - iasc, arán agus ológa. **(6 mharc)**

**(f)** Níl a dhóthain airgid ag an sclábhaí (don cháis ná don fheoil). **(6 mharc)**

**(g)** 'Cá bhfuil an cháis? Cén fáth nach bhfuil an cháis agat?' **(4 mharc)**

**(h)** Níl an máistir sásta agus deir sé 'Cá bhfuil mo cháis? Is drochshclábhaí thú.' **(6 mharc)**

**(i)** πολυν: cuspóireach uatha, firinscneach. πολλα: cuspóireach, iolra, neodrach. (5 mharc: 2+2+1)

**Ceist 29: 50 marc**

- Ní ghearrfar pionós ar iarrthóirí as focail a chur isteach nó a aistriú ar bhealach níos gonta fad is a choinnítear an bhrí iomlán.
- Tabhair marcanna iomlána in aghaidh na habairte nuair atá siad **comhchiallach ar a laghad** leis na gciall fhoriomlán.
- Tabhair 1 mharc in aghaidh an fhocail nuair atá an t-aistriúchán **comhchiallach ar a laghad.**
- Tabhair páirtmharcanna in aghaidh an fhocail nuair atá mionearráid **amháin** ann. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc in aghaidh an fhocail as **níos mó ná dhá** mhionearráid nó earráid mhór **amháin**. (Féach ar Aguisín)
- Tabhair 0 marc ar gach focal suntasach atá **fágtha ar lár** ón aistriúchán.

Abairt 1 - ὁ μεν Ἀχιλλευς ... ἀνθρωπων. **(14 mharc)**
- 2 mharc ar μεγιστος, 2 mharc ar ἀνδρειοτατος

Abairt 2 - μετα τον θανατον ... εἰχε. **(9 marc)**
- δι' ὀργης εἰχε 1 mharc le chéile

Abairt 3 - ὁ Ἀχιλλευς ... εἰπεν **(6 mharc)**

Abairt 4 - "ὁ Ἑκτωρ ... ἐφιλησα. **(6 mharc)**

Abairt 5 - ἐγω οὐν ... διωξω. **(7 marc)**

Abairt 6 - χρη ... τιμωρειν." **(8 marc)**

**Ceist 30: 10 marc**

**(a)** Tá Aichill agus Ajax ag insint dá chéile cén uimhir atá ar an dísle a chaith gach duine díobh. **(6 mharc)**

**(b)** Láithreach, Táscach, 1ú pearsa, uatha. **(4 mharc: 4 x 1 mharc)**

## Aguisín A: Samplaí de mhionearráidí agus earráidí móra san Aistriúchán.

**Aistriúchán ó Shean-Ghréigis go Béarla/Gaeilge.**

***Samplaí de 'mhionearráid'***:
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - aontú nó céim aidiachtach (m.sh. comparáideach in ionad sárchéimeach)
  - uimhir, pearsa nó inscne an fhorainm (m.sh. eisean ina ionad é)
  - gaol idir ábhar agus cuspóir an bhriathair
  - aistriúchán ar an tuiseal tabharthach nó ginideach
  - brí/ sainmhíniú focail

***Sampla de 'mhór-earráid'***:
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/ sainmhíniú focail

**Aistriúchán ó Laidin go Béarla/Gaeilge**

***Samplaí de 'mhionearráid':***
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhiomlán ar:
  - aimsir, modh, nó ábhar briathair
  - tuiseal nó uimhir ainmfhocail
  - aontú nó céim aidiachtach (m.sh. comparáideach in ionad sárchéimeach)
  - uimhir, pearsa nó inscne an fhorainm (m.sh. eisean ina ionad é)
  - gaol idir ábhar agus cuspóir an bhriathair
  - aistriúchán ar an tuiseal tabharthach, ginideach agus ochslaíoch
  - brí/sainmhíniú focail

***Sampla de 'mhór-earráid'***:
- nuair a léiríonn aistriúchán tuiscint neamhleor ar:
  - brí/sainmhíniú/ focail